**Preasráiteas 02.02.2023**

## Lón Ceiliúrtha le Gnó Chill Dara

Bhí lón ceiliúrtha ag *Cill Dara le Gaeilge* do bhaill Ghnó Chill Dara in Óstán an *Osprey*, Nás na Ríogh, Co. Chill Dara, Dé Luain an 30 Eanáir chun an chéad bhliain de *Ghnó Chill Dara* a cheiliúradh. Tá an-áthas orainn go raibh ionadaithe i láthair ó naoi ngnó a chláraigh linn ó cuireadh tús leis an scéim seo: AllType Ltd, Aroma Mocha, Barge Trip, Café Grange, Dúlra Chill Dara, Helen Doyle Therapy, Ruby Architectural, StudyBase.com agus Terry Doyle Woodcrafts. Bhí deis ag baill *Ghnó Chill Dara* gréasánú le chéile, foghlaim faoi obair a chéile, smaointe a roinnt agus cloisteáil faoi na deiseanna a thugann an Ghaeilge dá ngnó.

Ár mbuíochas le Frainc Mac Cionnaith, Bainisteoir Forbartha, Gnó agus Fiontraíocht, *Glór na nGael*, a bhí ina aoichainteoir. Labhair sé faoi *GRADAIM Gnó na hÉireann*. Tacaíonn *Cill Dara le Gaeilge* le gnólachtaí i gCill Dara le Gaeilge bogadh ar aghaidh go dtí an scéim sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo: www.glornangael.ie/gno/.

**Ráiteas ó Frainc Mac Cionnaith, *Glór na nGael*:**
"Tá áthas orainn ag *Glór na nGael* tacú leis an obair iontach atá ar bun ag *Cill Dara le Gaeilge*. Is léir go bhfuil gréasán deas de ghnólachtaí á thógáil anseo a bhfuil úsáid na Gaeilge sa ghnó mar aidhm acu. Bhain mé sult as aithne a chur ar chuid acu agus beidh mé ag súil go mór pilleadh ar Chill Dara le linn na bliana agus dul chun cinn na ngnólachtaí ó thaobh na Ghaeilge de a fheiceáil. Bheadh sé go deas aitheantas náisiúnta a bhronnadh ar chuid acu i mbliana mar chuid den scéim *GRADAIM*."

**Dúirt Sarah Walsh, Oifigeach Feidhmiúcháin, *Cill Dara le Gaeilge*:**
"Creidimid gur féidir le húsáid na Gaeilge buntáistí agus deiseanna forbartha a thabhairt d'iomaí cineál gnó ar dhóigheanna éagsúla: branda an ghnó a chur chun cinn, poiblíocht atá éagsúil a dhéanamh, taithí an chustaiméara a fheabhsú agus dílseacht custaiméirí a threisiú. Is deis den scoth iad *Gnó Chill Dara* agus *GRADAIM Gnó na hÉireann* do ghnóthaí forbairt a dhéanamh ar a ngnó agus nasc a chruthú leis an méid an-suntasach daoine a úsáideann an Ghaeilge go rialta nó

a bhfuil spéis acu sa teanga.

Tá *Cill Dara le Gaeilge* ar fáil chun tacú le gnólachtaí ar mian leo aitheantas náisiúnta a bhaint amach le *GRADAIM Gnó na hÉireann* ó *Ghlór na nGael*, eagraíocht náisiúnta a chuireann an Ghaeilge chun cinn."

Tugtar maoiniú do *Chill Dara le Gaeilge* tríd an *Scéim Tacaíochta Gaeilge* atá ag A*n Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán*.

Tugann *Cill Dara le Gaeilge* cuireadh d'aon ghnó atá lonnaithe i gcontae Chill Dara agus ar mhaith leo níos mó a fhoghlaim faoin scéim teagmháil a dhéanamh linn. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://cilldaralegaeilge.ie/gno-chill-dara/.

**Tuilleadh Eolais:** Sarah Walsh; Cill Dara le Gaeilge - sarah@cilldaralegaeilge.ie – 045397320

**Pressrelease 02.02.2023**

## Celebratory Lunch with Gnó Chill Dara

*Cill Dara le Gaeilge* held a celebratory lunch for members of *Gnó Chill Dara* in the *Osprey Hotel*, Naas, Co. Kildare, Monday 30th January to celebrate the first year of *Gnó Chill Dara*. We are delighted that there were representatives present from the nine businesses that have registered with us since the start of this scheme: AllType Ltd, Aroma Mocha, Barge Trip, Café Grange, Dúlra Chill Dara, Helen Doyle Therapy, Ruby Architectural, StudyBase.com and Terry Doyle. *Gnó Chill Dara* members had a great opportunity to network with other members, learn about each others work, share ideas and hear about the opportunitites that the Irish language offers their business.

Our thanks to Frainc Mac Cionnaith, Business and Enterprise Development Manager, *Glór na nGael*, who was the guestspeaker. He spoke about *GRADAIM Gnó na hÉireann. Cill Dara le Gaeilge* supports businesses in Kildare to move towards that scheme. Further information is available here: www.glornangael.ie/gno/.

**Statement from Frainc Mac Cionnaith, *Glór na nGael*:**
"*Glór na nGael* are delighted to support the excellent work being done by *Cill Dara le Gaeilge*. It is clear that there is a nice network of businesses who aim to use Irish in business here. I enjoyed getting to know some of them and I will look forward to returning to Kildare during the year and seeing the companys' progress with the Irish language. It would be nice to award national recognition to some of them this year as part of the *GRADAIM* scheme."

**Sarah Walsh, Executive Officer, *Cill Dara le Gaeilge* said:**
"We believe that the use of the Irish language can bring benefits and opportunities for development to competitive business types in a variety of ways: through promoting the business brand, publicity of a different kind, through improving customer experience and boosting

customer loyalty. *Gnó Chill Dara* and *GRADAIM Gnó na hÉireann* provide excellent opportunities for businesses to develop and to build a link with the very significant number of people who regularly use or have an interest in the Irish language.

*Cill Dara le Gaeilge* is available to support businesses who wish to achieve national recognition with *GRADAIM Gnó na hÉireann* from *Glór na nGael,* a national organisation that promotes the Irish language."

*Cill Dara le Gaeilge* is funded through the *Irish Language Support Scheme* of the *Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media*.

*Cill Dara le Gaeilge* invite any County Kildare based businesses that would like to learn more about the scheme to get in touch, more information is available here: https://cilldaralegaeilge.ie/gno-chill-dara/.

**More information:** Sarah Walsh; Cill Dara le Gaeilge - sarah@cilldaralegaeilge.ie – 045397320